

## COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

**Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa agus an Banc Ceannais Eorpach maidir le socrúithe praiticiúla d'fheidhmiú na cuntasachta daonlathaí agus le formhaoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí a thugtar do BCE faoi chuimsiú an tSásra Maoirseachta Aonair**

(2013/694/AE)

**TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS AN BANC CEANNAIS EORPACH,**

- ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,
  - ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(6) de,
  - ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, agus go háirithe Riail 127(1) díobh,
  - ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(8) agus (9) de,
  - ag féachaint don chomhráiteas ó Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ó Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh tráth vótáil na Parlaiminte chun Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a ghlacadh,
- A. de bhrí go ndéantar le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 cúraimí sonracha a thabhairt don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, d'fhonn rannchuidiú le sábháilteacht agus fíntacht institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais san Aontas Eorpach agus i ngach Ballstát atá rannpháirteach sa Sásra Maoirseachta Aonair (SMA);
- B. de bhrí go suitear le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013/gurb é BCE an túdaráis inniúil chun na cúraimí maoirseachta arna dtabhairt dó leis an Rialachán sin a chomhlíonadh;
- C. de bhrí go dtugtar le tuiscint le tabhairt na gcúraimí maoirseachta go bhfuil freagracht shuntasach ar BCE rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais san Aontas, trína chumhachtaí maoirseachta a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí agus is comhréirí;
- D. de bhrí gur cheart go ndéanfaí aon ghníomhaíocht lena dtugtar cumhachtaí maoirseachta don Aontas a chothromú le ceanglais chuntasachta iomchuí; faoi Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, tá BCE, maidir le cur chun feidhme an Rialacháin sin, cuntasach dá bhrí sin don Pharlaimint agus don Chomhairle ina gcáil mar institiúidí a bhfuil dlísteanacht dhaonlathach acu agus a dhéanann ionadaíocht thar ceann shaoránaigh an Aontais agus na mBallstát;
- E. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 20(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 go bhfuil BCE le comhoibriú go dílis le haon imscrúduithe a dhéanann an Pharlaimint, faoi réir an Chonartha maidir le Feidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- F. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 20(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 go bhfuil Cathaoirleach Bhord Maoirseachta BCE, arna iarraidh sin air, le pléití ó bhéal agus i modh rúin a thionól i seomra iata le Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach choiste inniúil na Parlaiminte i dtaca le cúraimí maoirseachta BCE i gcás ina bhfuil gá le pléití den sórt sin chun cumhachtaí na Parlaiminte faoi CFAE a fheidhmiú; de bhrí go gceanglaítear leis an Airteagal sin go ndéanfaidh na socrúithe maidir le heagrú na bpléití sin lánrúndacht a áirithiú i gcomhréir leis na hoibleagáidí rúndachta a fhorchuirtear ar BCE ina cháil mar údaráis inniúil faoi dhlí ábhartha an Aontais;

<sup>(1)</sup> IO L 287, 29.10.2013, lch. 63

**B5\_Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le socrúithe praiticiúla d'fheidhmiú na cuntasachta daonlathaí agus le formhaoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí a thugtar don Bhanc Ceannais Eorpach faoi chuimsiú an tSásra Maoirseachta Aonair**

- G. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 15(1) CFAE go seolfaidh institiúidí an Aontais a gcuid oibre ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir; de bhrí go bhfuil na coinníollacha faoina ndéantar doiciméad de chuid BCE a aicmiú mar dhoiciméad rúnda leagtha síos i gCinneadh 2004/258/CE ón BCE (BCE/2004/3)<sup>1</sup>; de bhrí go bhforálann an Cinneadh sin go bhfuil ag aon saoránach den Aontas, agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláráithe aige i mBallstát, ceart rochtana ar dhoiciméid de chuid BCE, ach sin faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a shainítear sa Chinneadh sin; de bhrí, i gcomhréir leis an gCinneadh sin, go bhfuil BCE le nochtadh faisnéise a dhiúltú i gcás ina ndéanfaí an bonn a bhaint de leasanna sonraithe áirithe poiblí nó príobháideacha i gcás ina dtarlódh nochtadh den sórt sin;
- H. de bhrí nach ar shaormhian BCE atá sé faisnéis a nochtadh a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, ach go bhfuil sé faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha de réir mar a leagtar síos le dlí ábhartha an Aontais agus a bhfuil an Pharlaimint agus BCE araon faoina réir; de bhrí, de bhun Airteagal 37.2 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus BCE ("Reacht CEBC"), go bhfuil daoine a bhfuil teacht acu ar shonraí atá faoi chumhdach reachtaíocht Aontais a fhorchuireann oibleagáid rúndachta faoi réir reachtaíocht den sórt sin;
- I. de bhrí go sonraíonn Aithris 55 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 gur cheart go mbeadh aon oibleagáidí tuairiscithe vis-à-vis na Parlaiminte faoi réir na gceanglas ábhartha maidir le rúndacht ghairmiúil; de bhrí go bhforáiltear le hAithris 74 agus le hAirteagal 27(1) den Rialachán sin go mbeidh comhaltaí an Bhoird Maoirseachta, an coiste stiúrtha, foireann BCE agus an fhoireann atá tugtha ar iasacht ag na Ballstáit rannpháirteacha agus a chomhlíonann dualgais mhaoirseachta faoi réir na gceanglas rúndachta gairmiúla a leagtar amach in Airteagal 37 de Reacht CEBC agus i ngníomhartha ábhartha dhlí an Aontais; de bhrí go leagtar síos le hAirteagal 339 CFAE agus Airteagal 37 de Reacht CEBC go bhfuil oibleagáid na rúndachta gairmiúla de cheangal ar chomhaltaí chomhlachtaí rialaithe mar aon le foireann BCE agus na mbanc ceannais náisiúnta;
- J. de bhrí go bhfuil imeachtaí chruinnithe Chomhairle Rialaithe BCE faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 10.4 de Reacht CEBC;
- K. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, chun críche na gcúraimí a thugtar dó sa Rialachán sin, go bhfuil BCE le dlí ábhartha uile an Aontais a chur i bhfeidhm, agus i gcás inar treoracha é an dlí Aontais sin, go bhfuil sé leis an reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear na treoracha sin a chur i bhfeidhm;
- L. de bhrí, faoi réir leasuithe a dhéanfar amach anseo nó aon ghníomhartha dlíthiúla ábhartha a bheidh ann amach anseo, go ndéantar le forálacha dhlí ábhartha an Aontais i ndáil leis an gcaoi a ndéileáiltear le faisnéis a mheastar a bheith ina faisnéis rúnda, go háirithe Airteagal 53 go hAirteagal 62 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>2</sup>, oibleagáidí diana den rúndacht ghairmiúil a fhorchur ar na húdaráis inniúla agus a bhfoireann maidir le maoirseacht ar institiúidí creidmheasa; de bhrí go bhfuil na daoine go léir atá ag obair do na húdaráis inniúla, nó a bhíodh ag obair dóibh, faoi cheangal ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla; de bhrí nach bhféadfar faisnéis rúnda a fhaigheann siad i gcomhlíonadh a ndualgas dóibh a nochtadh ach amháin mar achoimre nó i bhfoirm chomhiomlánaithe, ar shlí a fhágfaidh nach féidir na hinstiúidí creidmheasa aonair sin a shainaithint, gan dochar do chásanna a chuimsítear leis an dlí coiriúil;
- M. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 27(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, chun críche na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán sin a chomhlíonadh, go núdaraítear do BCE, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha a leagtar amach i ndlí ábhartha an Aontais, faisnéis a mhalartú le húdaráis agus comhlachtaí náisiúnta nó Aontais i gcás ina gceadaíonn dlí ábhartha an Aontais d'údarás inniúla náisiúnta faisnéis a nochtadh do na heintitis sin nó i gcás ina bhforálann Ballstáit don nochtadh sin faoi dhlí ábhartha an Aontais;
- N. de bhrí gur cheart go leanfadh smachtbhannaí leormhaithe as sárú ar cheanglais na rúndachta gairmiúla i ndáil le faisnéis mhaoirseachta; de bhrí gur cheart go bhforálfadh an Pharlaimint do chreat leormhaith chun bearta leantacha a dhéanamh maidir le cás ar bith de shárú rúndachta arna dhéanamh ag a Feisirí nó ag a foireann;

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2004/258/CE ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Márta 2004 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE/2001/3) (IO L 80, 18.3.2004, lch. 42).

<sup>(2)</sup> Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnóilachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena naisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

## **B5\_Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le socrúithe praiticiúla d'fheidhmiú na cuntasachta daonlathaí agus le formhaoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí a thugtar don Bhanc Ceannais Eorpach faoi chuimsiú an tSásra Maoirseachta Aonair**

- O. de bhrí nach mór go ndéanfaí an deighilt eagraíochtúil idir foireann BCE atá bainteach le forfheidhmiú cúraimí maoirseachta BCE agus an fhoireann atá bainteach le forfheidhmiú cúraimí beartais airgeadaíochta ar dhóigh a fhágann go ndéantar Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a chomhlíonadh go hiomlán;
- P. de bhrí nach gcuimsíonn an Comhaontú seo faisnéis rúnda a mhalartú a mhéid a bhaineann leis an mbeartas airgeadaíochta nó le cúraimí eile BCE nach cuid de na cúraimí iad a thugtar do BCE le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;
- Q. de bhrí go bhfuil an Comhaontú seo gan dochar do chuntasacht na núdarás inniúil náisiúnta i leith na bparlaimintí náisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
- R. de bhrí nach gcuimsíonn an Comhaontú seo cuntasacht agus oibleagáid tuairiscithe SMA i leith na Comhairle, an Choimisiúin ná na bparlaimintí náisiúnta, nó nach ndéanann sé difear don chuntasacht agus don oibleagáid tuairiscithe sin;

### **TAR ÉIS A CHOMHAONTÚ MAR A LEANAS:**

## **I. CUNTASACHT, ROCHTAIN AR FHAISNÉIS, RÚNDACHT**

### **1. Tuarascálacha**

- Cuirfidh BCE tuarascáil faoi bhráid na Parlaiminte gach bliain (“Tuarascáil Bhliantúil”) maidir le forfheidhmiú na gcúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013. Déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta an Tuarascáil Bhliantúil a thíolacadh don Pharlaimint ag éisteacht phoiblí. Déanfar an dréacht-Tuarascáil Bhliantúil a chur ar fáil don Pharlaimint ar bhonn rúnda i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais ceithre lá oibre roimh an éisteacht. Déanfar na haistriúcháin go dtí teangacha oifigiúla uile an Aontais ina dhiaidh sin. Cuimseofar sa Tuarascáil Bhliantúil, inter alia, an méid seo a leanas:
  - i. forfheidhmiú na gcúraimí maoirseachta,
  - ii. comhroinnt cúraimí leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta,
  - iii. comhar le húdaráis ábhartha eile náisiúnta nó Aontais,
  - iv. deighilt idir cúraimí beartais airgeadaíochta agus cúraimí maoirseachta,
  - v. éabhlóid an struchtúir mhaoirseachta agus cúrsaí foirne, lena n-áirítear líon agus comhdhéanamh na Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht,
  - vi. cur chun feidhme an Chóid Iompair,
  - vii. méid na dtáillí maoirseachta agus an modh chun iad a ríomh,
  - viii. an buiséad le haghaidh cúraimí maoirseachta,
  - ix. an taithí ó thaobh an tuairiscithe de ar bhonn Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 (Sárúithe a thuirisciú).
- Le linn na céime tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 33(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, déanfaidh BCE tuarascálacha ráithiúla maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme oibríochtúil an Rialacháin a tharchur chuig an bParlaimint ina gcuimseofar, inter alia, an méid seo a leanas:
  - i. ullmhú, eagrú agus pleanáil inmheánach na hoibre,
  - ii. socrúithe nithiúla a rinneadh chun go gcomhlíonfaí an ceanglas feidhmeanna beartais airgeadaíochta agus feidhmeanna maoirseachta a dheighilt,
  - iii. comhar le húdaráis inniúla eile náisiúnta nó Aontais,
  - iv. aon bhacainní a chonacthas do BCE a bheith roimhe agus é ag ullmhú a chuid cúraimí maoirseachta,
  - v. teagmhais ar bith is ábhar buartha iad nó athruithe ar an gCód Iompair.

## **B5\_Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le socrúithe praiticiúla d'fheidhmiú na cuntasachta daonlathaí agus le formhaoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí a thugtar don Bhanc Ceannais Eorpach faoi chuimsiú an tSásra Maoirseachta Aonair**

- Foilseoidh BCE an Tuarascáil Bhliantúil ar shuíomh gréasáin SMA. Déanfar “beolíne ríomhphoist faisnéise” BCE a leathnú chun go ndéileálfadh sé go sonrach le ceisteanna a bhaineann le SMA, agus déanfaidh BCE an taiseolas a fhaightear trí theachtaireachtaí ríomhphoist a úsáid mar bhunús do roinn de Cheisteanna Coitianta ar láithreán gréasáin SMA.

### **2. Éisteachtaí agus pléití rúnda ó bhéal**

- Arna iarraidh sin ag coiste inniúil na Parlaiminte, beidh Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta rannpháirteach i ngnáthéisteachtaí poiblí maidir le forfheidhmiú na gcúraimí maoirseachta. Déanfaidh coiste inniúil na Parlaiminte agus BCE féilire a chomhaontú le haghaidh dhá chruinniú den sórt sin a bheidh le tionól le linn na bliana dár gcionn. Maidir le hiarrataí ar athruithe ar an bhféilire comhaontaithe, déanfar iad i scríbhinn.
- Sa bhreis air sin, féadfar cuireadh a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta freastal ar mhálartuithe tuairimí ad-hoc breise maidir le saincheisteanna maoirseachta le coiste inniúil na Parlaiminte.
- I gcás inar gá sin le haghaidh feidhmiú chumhachtaí na Parlaiminte faoi CFAE agus faoi dhlí an Aontais, féadfaidh Cathaoirleach choiste inniúil na Parlaiminte a iarraidh, i scríbhinn agus na cúiseanna á lua, go mbeidh cruinnithe speisialta rúnda ann le Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta. Tionólfar na cruinnithe sin ar dháta a bheidh comhaontaithe go frithpháirteach.
- Beidh na rannpháirtithe go léir sna cruinnithe rúnda speisialta faoi réir ceanglais rúndachta atá coibhéiseach leo sin is infheidhme i leith chomhaltaí an Bhoird Maoirseachta agus i leith fhoireann mhaoirseachta BCE.
- Ar iarraidh réasúnaithe ó Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta nó ó Chathaoirleach choiste inniúil na Parlaiminte, agus le comhaontú frithpháirteach, féadfaidh ionadaithe BCE sa Bhoird Maoirseachta nó baill shinsearacha den fhoireann mhaoirseachta (Ard-Stiúrthóirí nó a gcuid Leas-Ard-Stiúrthóirí) freastal ar na gnáthéisteachtaí, ar na malartuithe tuairimí ad-hoc agus ar na cruinnithe rúnda.
- Beidh feidhm ag prionsabal oscailteacht institiúidí an Aontais, i gcomhréir le CFAE, maidir le SMA. Beidh prionsabal na hoscailteachta agus an mhionsaothraithe i dtaca leis na himthosca ábhartha á leanúint sa phlé a dhéantar i gcruinnithe rúnda speisialta. Tá malartú faisnéise rúnda a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú na gcúraimí maoirseachta, laistigh den teorainn a leagtar síos le dlí an Aontais, i gceist leis. D'fhéadfaí an nochtadh a shrianadh le teorainneacha rúndachta dá bhforáiltear de réir dlí.
- Daoine atá fostaithe ag an bParlaimint agus ag BCE, ní fhéadfaidh siad faisnéis a fhaigheann siad le linn a gcuid gníomhaíochtaí a bhaineann leis na cúraimí a thugtar do BCE faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a nochtadh, fiú amháin tar éis deireadh a bheith tagtha leis na gníomhaíochtaí sin nó tar éis dóibh an fhostaíocht sin a bheith fágtha acu.
- Is féidir leis na gnáthéisteachtaí, na malartuithe tuairimí ad hoc agus na cruinnithe rúnda gach gné de ghníomhaíocht agus d'fheidhmiú SMA a chuimsítear le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a chuimsiú.
- Ní ghlacfar miontuairiscí de na cruinnithe rúnda agus ní dhéanfar aon taifead eile orthu. Ní dhéanfar aon ráiteas don phreas ná d'aon mheán eile. Déanfaidh gach rannpháirtí i bpléití rúnda dearbhú sollúnta a shíniú gach am á rá nach scilfidh sé inneachar na bpléití sin le tríú duine ar bith.
- Is iad Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta agus Cathaoirleach agus Leas-Cathaoirleach choiste inniúil na Parlaiminte, agus iadsan amháin, a fhéadfaidh a bheith i láthair ag cruinnithe rúnda. Féadfaidh a bheith i dteannta Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta agus Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach choiste inniúil na Parlaiminte beirt chomhaltaí d'fhoireann BCE agus d'Ard-Rúnaíocht na Parlaiminte, faoi seach.

### **3. Freagairt ar cheisteanna**

- Tabharfaidh BCE freagra i scríbhinn ar cheisteanna i scríbhinn a chuireann an Pharlaimint chuige. Déanfar na ceisteanna sin a sheoladh chuig Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta trí Chathaoirleach choiste inniúil na Parlaiminte. Tabharfar freagra ar cheisteanna chomh pras agus is féidir, agus in aon chás laistigh de chúig seachtaine tar éis a dtarchur chuig BCE.
- Déanfaidh BCE agus an Pharlaimint, araon, roinn ar leith dá láithreáin ghréasáin a chur i leataobh le haghaidh na gceisteanna agus na bhfreagraí dá dtagraítear thuas.

### **4. Rochtain ar fhaisnéis**

- Soláthróidh BCE do choiste inniúil na Parlaiminte taifead cuimsitheach agus lánbhrí d'imeachtaí an Bhoird Maoirseachta, ar a laghad, lena gcumasaítear tuiscint ar na pléití, lena náirítear liosta anótáilte de na cinntí.

## **B5\_Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le socrúithe praiticiúla d'fheidhmiú na cuntasachta daonlathaí agus le formhaoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí a thugtar don Bhanc Ceannais Eorpach faoi chuimsiú an tSásra Maoirseachta Aonair**

I gcás ina ndéanfaidh an Chomhairle Rialaithe agóid in aghaidh dhréachtchinneadh an Bhoird Maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 26(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, cuirfidh Uachtarán BCE in iúl do Chathaoirleach choiste inniúil na Parlaiminte cad iad na cúiseanna atá ann don agóid sin, ag teacht leis na ceanglais rúndachta dá dtagraítear sa Chomhaontú seo.

- I gcás ina ndéantar institiúid chreidmheasa a fhoirceannadh, déanfar faisnéis neamhrúnda a bhaineann leis an institiúid chreidmheasa sin a nochtadh ex post, a thúsce nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag aon srianta maidir le soláthar na faisnéise ábhartha a eascraíonn as ceanglais rúndachta.
- Déanfar na táillí maoirseachta, mar aon le míniú ar an gcaoi a ndéantar iad a ríomh, a fhoilsiú ar láithreán greásáin BCE.
- Déanfaidh BCE treoirleabhar maidir lena chleachtais mhaoirseachta a fhoilsiú ar a láithreán greásáin.

### **5. Faisnéis agus doiciméid rúnaicmithe BCE a choimirciú**

- Déanfaidh an Pharlaimint coimircí agus bearta a chomhfhreagraíonn do leibhéal íogaireachta fhaisnéis BCE nó dhoiciméid BCE a chur chun feidhme agus cuirfidh sí BCE ar an eolas ina dtaobh. Ar aon chuma, ní bhainfear úsáid as faisnéis nó doiciméid a dhéantar a nochtach ach amháin chun na críche dár soláthraíodh iad.
- Lorgóidh an Pharlaimint toiliú BCE maidir le haon nochtadh chuig daoine nó insitiúidí eile agus comhoibreoigh an dá institiúid in aon imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eile ina ndéantar rochtain ar an bhfaisnéis nó ar na doiciméid sin a lorg. Féadfaidh BCE a iarraidh ar an bParlaimint, i ndáil le catagóirí uile nó catagóirí áirithe na faisnéise nó na ndoiciméad a dhéantar a nochtadh, go gcoinneoidh sí liosta de na daoine a bhfuil rochtain acu ar an bhfaisnéis sin nó ar na doiciméid sin.

## **II. NÓSANNA IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN**

- Sonróidh BCE na critéir chun Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta a roghnú, lena náirítear an chóimheá idir scileanna, eolas ar institiúidí agus margaí airgeadais, mar aon le taithí i maoirseacht airgeadais agus i bhformhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal, agus déanfaidh sé na critéir sin a phoiblíú. Agus na critéir á sonrú aige, díreoidh BCE ar na caighdeáin ghairmiúla is airde agus cuirfidh sé san áireamh an gá atá ann le leas an Aontais ina iomláine a choimirciú agus an éagsúlacht i gcomhdhéanamh an Bhoird Maoirseachta a choimirciú.
- Dhá sheachtain sula bhfoilséoidh Comhairle Rialaithe BCE an fógra folúntais, déanfar coiste inniúil na Parlaiminte a chur ar an eolas i dtaobh na mionsonraí, lena náirítear na critéir roghnúcháin agus próifíl shonrach an phoist, a bhaineann leis an “nós imeachta roghnúcháin oscailte” atá beartaithe aige a chur i bhfeidhm chun an Cathaoirleach a roghnú.
- Déanfaidh Comhairle Rialaithe BCE coiste inniúil na Parlaiminte a chur ar an eolas i dtaobh chomhdhéanamh an líon iarratasóirí ar phost an Chathaoirligh (an líon iarratas, an meascán de scileanna gairmiúla, an chóimheá inscne agus náisiúntachta, etc.) chomh maith leis an modh trína ndéantar an líon iarratasóirí a scagadh chun gearrliosta de bheirt iarrthóirí ar a laghad a tharraingt suas agus, faoi dheoidh, chun an moladh ó BCE a chinneadh.
- Déanfaidh BCE gearrliosta de na hiarrthóirí ar phost Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta a sholáthar do choiste inniúil na Parlaiminte. Soláthróidh BCE an gearrliosta sin ar a laghad trí seachtaine sula ndéanfaidh sé a mholadh do cheapachán an Chathaoirligh a thíolacadh.
- Laistigh de sheachtain óna fháil, féadfaidh coiste inniúil na Parlaiminte ceisteanna a chur faoi bhráid BCE maidir leis na critéir roghnúcháin agus le gearrliosta na niarrthóirí. Tabharfaidh BCE freagra i scríbhinn ar na ceisteanna sin laistigh de dhá sheachtain.
- Is iad na céimeanna seo a leanas a bheidh sa phróiseas formheasta:
  - Déanfaidh BCE a mholtaí don Chathaoirleach agus don Leas-Cathaoirleach, i dteannta mínithe i scríbhinn ar na bunchúiseanna, a sheoladh chuig an bParlaimint.
  - Déanfar éisteacht phoiblí a thabhairt i gcoiste inniúil na Parlaiminte do Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach molta an Bhoird Maoirseachta.
  - Is trí vóta sa choiste inniúil agus sa suí iomlánach a chinnfidh an Pharlaimint formheas an iarrthóra a bheidh molta ag BCE mar Chathaoirleach agus mar Leas-Cathaoirleach. De ghnáth, beidh sé mar

## **B5\_Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le socrúithe praiticiúla d'fheidhmiú na cuntasachta daonlathaí agus le formhaoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí a thugtar don Bhanc Ceannais Eorpach faoi chuimsiú an tSásra Maoirseachta Aonair**

aidhm ag an bParlaimint, agus a féilire á cur san áireamh aici, an cinneadh sin a dhéanamh laistigh de shé seachtaine ó dhéantar an moladh.

- Mura ndéanfar an moladh don Chathaoirleach a fhorghnó, féadfaidh BCE a chinneadh filleadh ar an líon iarrthóirí a rinne iarratas ar dtús ar an bpost nó féadfaidh sé an próiseas roghnúcháin a atosú, lena náirítear fógra folúntais nua a tharraingt suas agus a fhoilsiú.
- Aon mholadh go ndéanfaí an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach a chur as oifig, déanfaidh BCE é a thíolacadh don Pharlaimint agus soláthróidh sé mínithe.
- Is éard a bheidh sa phróiseas formheasta:
  - vóta ar dhréachtrún i gcoiste inniúil na Parlaiminte; agus
  - vóta, i gcomhair formheasa nó i gcomhair agóide, ar an rún sin sa suí iomlánach.
- Más rud é go mbeidh sé curtha in iúl ag an bParlaimint nó ag an gComhairle do BCE go meastar go bhfuil na coinníollacha chun Cathaoirleach nó Leas-Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta a chur as oifig comhlíonta chun críocha Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, déanfaidh BCE a bharúlacha a sholáthar i scríbhinn laistigh de cheithre seachtaine.

### **III. IMSCRÚDUI THE**

- I gcás ina ndéanfaidh an Pharlaimint Coiste Fiosrúcháin a chur ar bun, de bhun Airteagal 226 CFAE agus de bhun Chinneadh 95/167/CE, Euratom, CEGC ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún<sup>1</sup>, déanfaidh BCE, i gcomhréir le dlí an Aontais, cúnadh a thabhairt do Choiste Fiosrúcháin a chuid cúraimí a chomhall i gcomhréir le prionsabail an chomhair dhílis.
- Aon ghníomhaíochtaí de chuid Coiste Fiosrúcháin lena dtabharfaidh BCE cúnadh, déanfar iad laistigh de raon feidhme Chinneadh 95/167/CE, Euratom, CEGC.
- Comhoibreoidh BCE go dílis le haon imscrúdú ag an bParlaimint dá dtagraítear in Airteagal 20(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 laistigh den chreat céanna a bhfuil feidhm aige maidir le Coistí Fiosrúcháin agus faoin gcosaint rúndachta chéanna agus dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo le haghaidh cruinnithe rúnda ó bhéal (I.2.).
- Beidh faighteoirí na faisnéise go léir a sholáthraítear don Pharlaimint i gcomhthéacs imscrúduithe, faoi réir ceanglais rúndachta atá coibhéiseach leo sin is infheidhme maidir le comhaltaí an Bhoird Maoirseachta agus maidir le foireann mhaoirseachta BCE agus comhaontóidh an Pharlaimint agus BCE ar bhearta atá le cur i bhfeidhm chun cosaint na faisnéise sin a áirithiú.
- Más rud é gur gá an rúndacht sin a choimeád ar mhaithe le leas poiblí nó príobháideach a aithnítear i gCinneadh 2004/258/CE a chosaint, áiritheoidh an Pharlaimint go ndéanfar an chosaint sin a choimeád agus ní scilfidh sé inneachar aon fhaisnéise den sórt sin.
- Beidh feidhm mutatis mutandis maidir le BCE ag cearta agus oibleagáidí institiúidí agus comhlachtaí an Aontais amhail mar a leagtar síos i gCinneadh 95/167/CE, Euratom, CEGC.
- Leanfaidh athchaibidlíú ar chuid III den Chomhaontú seo as aon ghníomh reachtach eile a thagann in ionad Chinneadh 95/167/CE, Euratom, CEGC nó as aon leasú a dhéantar ar an gCinneadh sin. Go dtí go mbeidh Comhaontú nua ann maidir leis na codanna faoi seach, beidh an Comhaontú seo fós bailí, lena náirítear Cinneadh 96/167/CE, Euratom, CEGC sa leagan de a bheidh i réim ag dáta shíniú an Chomhaontaithe seo.

### **IV. CÓD IOMPAIR**

- Sula nglacfar an Cód Iompair dá dtagraítear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, déanfaidh BCE na príomhghnéithe a mheasann sé a bheidh sa Chód Iompair a chur in iúl do choiste inniúil na Parlaiminte.
- Ar iarraidh i scríbhinn ó choiste inniúil na Parlaiminte, déanfaidh BCE cur chun feidhme an Chóid Iompair a chur in iúl i scríbhinn don Pharlaimint. Déanfaidh BCE an gá atá le nuachóirithe ar an gCód Iompair a chur in iúl don Pharlaimint freisin.

---

<sup>(1)</sup> Cinneadh 95/167/CE, Euratom, CEGC ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 19 Aibreán 1995 maidir leis na forálacha mionsonraithe lena rialaítear feidhmiú cheart fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa (IO L 78, 6.4.1995, lch. 1).

**B5\_Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le socrúithe praiticiúla d'fheidhmiú na cuntasachta daonlathaí agus le formhaoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí a thugtar don Bhanc Ceannais Eorpach faoi chuimsiú an tSásra Maoirseachta Aonair**

- Díreoidh an Cód Iompair ar nithe lena ngabhann coinbhleacht leasa agus áiritheoidh sé go nurrámófar na rialacha maidir leis an deighilt idir feidhmeanna maoirseachta agus feidhmeanna beartais airgeadaíochta.

**V. GNÍOMHARTHA A GHLACADH AG BCE**

- Déanfaidh BCE coiste inniúil na Parlaiminte a chur ar an eolas go cuí maidir leis na nósanna imeachta (lena náirítear socrú tráthanna) a bheidh curtha ar bun aige le haghaidh rialacháin, cinntí, treoirlínte agus moltaí BCE ("gníomhartha") a ghlacadh, ar gníomhartha iad atá faoi réir comhairliúcháin poiblí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.
- Déanfaidh BCE, go háirithe, coiste inniúil na Parlaiminte a chur ar an eolas maidir leis na prionsabail agus na cineálacha táscairí nó faisnéise a úsáideann sé de ghnáth agus gníomhartha agus moltaí beartais á bhforbairt aige, d'fhonn cur leis an trédhearcacht agus le comhleanúnachas beartais.
- Déanfaidh BCE na dréachtghníomhartha a tharchur chuig coiste inniúil na Parlaiminte roimh thús an nós imeachta comhairliúcháin poiblí. Más rud é go dtíolacfaidh an Pharlaimint barúlacha i dtaobh na ngníomhartha, d'fhéadfadh malartú tuairimí neamhfhoirmiúil a bheith ann le BCE i dtaobh na mbarúlacha sin. Tarlóidh na malartuithe tuairimí neamhfhoirmiúla sin i gcomhthráth leis na comhairliúcháin poiblí a bheidh ar bun agus déanfaidh BCE iad a sheoladh i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.
- A thúisce a bheidh gníomh glactha ag BCE seolfaidh sé chuig coiste inniúil na Parlaiminte é. Déanfaidh BCE, freisin, an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go rialta i scríbhinn maidir leis an ngá atá ann gníomhartha atá glactha a thabhairt cothrom le dáta.

**VI. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

1. Déanfaidh an dá institiúid cur chun feidhme praiticiúil an Chomhaontaithe seo a mheasúnú gach trí bliana.
2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an dáta a dtiocfaidh Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 i bhfeidhm nó an lá tar éis an Comhaontú seo a shíniú, cibé acu is déanaí.
3. Leanfaidh na hoibleagáidí i dtaca le rúndacht faisnéise de bheith ina gceangal ar an dá institiúid fiú amháin tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo.
4. Déanfar an Comhaontú seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main agus sa Bhruiséil, 6 Samhain 2013.

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa*  
*An tÚachtarán*  
M. SCHULZ

*Thar ceann an Banc Ceannais Eorpach*  
*An tUachtarán*  
M. DRAGHI